Dúnadh don Nollaig agus don Athbhliain

Beidh Oifigí an Bhoird dúnta ón 5.30 i.n. ar an 24ú Nollaig 2007 go dtí 9.15 r.n. ar an 28ú Nollaig 2007 agus ar an 1ú Eanáir 2008.

An tslí a ndéanfaidh tréimhse na Nollag/na hAthbhliana difear do thaisceadh achomharc agus nithe eile a bhaineann leis an mBord.

1. Achomhairc Normálta agus nithe eile faoi na hAchtanna um Pleanáil 2000 go dtí 2006

Riail na Tréimhse Saoire
Tá an tréimhse ón 24ú Nollaig go dtí an 1ú Eanáir (an dá dháta san áireamh), dá dtagraítear dóibh mar 'an tréimhse saoire', eisiata chun críocha teorainneacha ama a ríomh maidir le feidhmeanna an Bhoird faoi na hAchtanna um Pleanáil 2000 go dtí 2006 agus na Rialacháin a ghabhann leo. Dá bhrí sin, i gcás go mbíonn an tréimhse saoire go hiomlán nó i bpáirt laistigh den tréimhse ama a bhféadfadh an Bord achomharc, tarchur, aighneacht, tuairim, iarratas údaráis áitiúil, doiciméad nó aon fhaisnéis/ní eile a fháil, nó ar chóir go mbeadh sé faighte aige, cuirfear suas go dtí naoi lá breise thar an tréimhse saoire leis an teorainn ama.

Riail an Deiridh Seachtaine
Chomh maith lena bhfuil thuasluaite, i gcás gur Satharn, Domhnach, lá saoire poiblí nó lá eile a mbeidh oifigí an Bhoird dúnta a bheidh sa lá deiridh chun achomharc, tarchur, aighneacht nó tuairim a dhéanamh nó chun doiciméad nó faisnéis eile a chur isteach chuig an mBord, measfar an t-achomharc nó ní eile a bheith bailí má fhaightear é ar an chéad lá eile a mbeidh oifigí an Bhoird ar oscailt.

Tabhair ar aird go gcuirtear 'riail na tréimhse saoire' i bhfeidhm, más cuí, roimh 'riail an deiridh seachtaine'. Féach samplaí 2 agus 3.

Seo a leanas samplaí praiticiúla den tslí a mbeidh tionchar ag a bhfuil thuasluaite ar thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana. Tá aíreamháin le fail ar shuíomh idirlín an Bhóird www.pleanala.ie cun "Lá Deireanach chun achomhairc a Dheanamh" a mheas.

Sampla 1

Má dhéantar cinneadh údaráis pleanála nó iarratas pleanála an 27ú Samhain 2007, is é an 24ú Nollaig 2007 a bheadh mar an lá deiridh don tréimhse ceithre seachtaine chun achomharc a dhéanamh chuig an mBord, gan riail na tréimhse saoire a bheith i bhfeidhm. De bhrí go bhfuil lá amháin den tréimhse saoire san áireamh ansin, áfach, lá breise thar an tréimhse saoire curtha leis an lá deiridh chun achomharc a dhéanamh i.e. go dtí an 2ú Eanáir 2008.

Sampla 2

Má dhéantar cinneadh údaráis pleanála ar iarratas pleanála ar an 27ú Samhain 2007, is é an 6ú Eanáir 2008 an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine chun achomharc a dhéanamh chuig an mBord, gan an tréimhse saoire a bheith i bhfeidhm. De bhrí, áfach, go bhfuil na naoi lá den tréimhse saoire san áireamh ansin, tá naoi lá breise thar an tréimhse saoire curtha leis an lá deiridh sin chun achomharc a dhéanamh chuig an mBord i.e. go dtí an 15ú Eanáir 2008. (Tabhair ar aird, cé go bhfuil an 5ú Eanair 2008 sa deireadh seachtain, ní bheig 'riail an deiridh seachtaine' i bhfeidhm mar sáraím 'riail na tréimhse saoire' é.)

Sampla 3

Má fhaigheann an Bord achomharc pleanála ar an 30ú Samhain 2007, is é an 27ú Nollaig 2007 an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine chun aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh chuig an mBord ag duine i ndáil leis an achomharc, gan riail na saoire a bheith i bhfeidhm. De bhrí go bhfuil sé lá den tréimhse saoire san áireamh ansin, tá an lá deiridh chun aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh chuig an mBord fadaithe go dtí an 5ú Eanáir 2008. Ós rud é gur é sin an Sathairn, beidh an taighneacht nó an tuairm measta mar bhailí má bhíonn sé faighte ar an lá ina dhiadh oscailt oifigí an mBord s.é. an 7ú Eanair 2008. *(Tabhair ar aird sa chás seo go gcuirtear an 'riail na téimhse saoire', agus 'riail an deiridh seachtaine' i bhfeidhm).*

2. Achomhairc faoi na hAchtanna um Truailliú Uisce agus faoin Acht um Rialú Foirgníochta.

I gcás gur lá a mbíonn oifigí an Bhoird dúnta é an lá deiridh chun achomharc, aighneacht, tuairim, doiciméad nó faisnéis eile atá faoi réir ag teorainn ama a fháil ag an mBord, measfar an t-achomharc nó ní eile a bheith bailí má fhaightear é ar an chéad lá eile a mbeidh oifigí an Bhoird ar oscailt. Dá bhrí sin, más é an 27ú Nollaig 2007 an lá deiridh den tréimhse chuí, is é an lá deiridh chun achomharc a thaisceadh ná an 28ú Nollaig 2007. *(Tabhair faoi deara nach mbaineann an 'riail saoire' faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 le ceachtar dena hAchtanna un Truailliú Uisce nó Rialú Foirgnióchta).*

3. Achomhairc faoin Acht um Truailliú Aeir

Níl aon fhorálacha speisialta faoín Acht um Truailliú Aeir a bhaineann le tréimhsí saoire, deirí seachtaine nó laethanta eile a mbíonn oifigí an Bhoird dúnta. Dá bhrí sin, más é an 27ú Nollaig 2007 an lá deiridh den tréimhse chuí chun achomharc a dhéanamh, caithfidh an t-achomharc a bheith faighte faoin 24ú Nollaig 2007.

4. Achomhairc agus nithe eile faoi na hAchtanna um Pleanáil 1963 go dtí 1999

I gcás gur lá a mbíonn oifigí an Bhoird dúnta é an lá deiridh chun achomharc, aighneacht, tuairim, doiciméad nó faisnéis eile faoi na hAchtanna um Pleanáil 1963 go dtí 1999, atá faoi réir ag teorainn ama, a fháil ag an mBord, measfar an t-achomharc nó ní eile a bheith bailí má fhaightear é ar an chéad lá eile a mbeidh oifigí an Bhoird ar oscailt. Dá bhrí sin, más é an 27ú Nollaig 2007 an lá deiridh den tréimhse chuí, is é an lá deiridh chun achomharc a thaisceadh ná an 28ú Nollaig 2007. *(Tabhair faoi deara nach mbaineann an "riail saoire" faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 1963 go 1999 leis na cásanna seo).*

(Baineann achomhairc faoi na hAchtanna um Pleanáil 1963 go dtí 1999 le cásanna ina ndearnadh an t-iarratas ar chead pleanála chuig an údarás pleanála áitiúil roimh an 11ú Márta 2002. D'fhéadfadh cuid dena cásanna seo a bheith fós faoi reir ag achomharc chuig an mBord m.s. achomharc i gcoinne cinnidh ar iarratas ar cheadú de dhroim cead sracléaráide deonaithe faoi na hAchtanna seo).

5. An Tréimhse Reachtúil Cuspóra chun Cásanna a Chinneadh

In aon achomharc nó cás eile a mbaineann cuspóir ama reachtúil leis an mBord chun an cás a chinneadh, beidh na forálacha seo a leanas i bhfeidhm.

- Má thagann an cás faoi fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil 2000 go dtí 2006, beidh an tréimhse saoire eisiata ón tréimhse reachtúil cuspóra de 18 seachtaine. Dá bhrí sin, cuirfear fad de suas go dtí naoi lá leis an tréimhse reachtúil cuspóra d'aon chás taiscthe. Mar shampla, bheadh tréimhse reachtúil cuspóra roimh an 16ú Feabhra 2008 i bhfeidhm le hachomharc a taisceadh ar an 4ú Deireadh Fómhair 2007.

- Má thagann an cás faoi fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil 1963 go dtí 1999, na nAchtanna um Truailliú Uisce nó an Achta um Rialú Foirgníochta, leanfaidh tréimhse reachtúil cuspóra de 4 mhí a bheith i bhfeidhm beag beann ar an tréimhse saoire.

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go dtí 2006

An Lá Deiridh chun Achomhairc (agus Tarchuir) a fháil agus aird á thabhairt ar an 'tréimhse saoire' don Nollaig/Athbhliain 24ú Nollaig 2007 go dtí an 1ú Eanáir 2008.

Dáta Chinneadh an Údaráis Pleanála		**Lá Deiridh chun Achomharc a dhéanamh**	
Colún 1		Colún 2	
Dé Luain	19ú Samhain 2007	Dé Luain	17ú Nollaig 2007
Dé Máirt	20ú Samhain 2007	Dé Luain	17ú Nollaig 2007
Dé Céadaoin	21ú Samhain 2007	Dé Máirt	18ú Nollaig 2007
Déardaoin	22ú Samhain 2007	Dé Céadaoin	19ú Nollaig 2007
Dé hAoine	23ú Samhain 2007	Déardaoin	20ú Nollaig 2007
Dé Luain	26ú Samhain 2007	Dé Céadaoin	2ú Eanáir 2008
Dé Máirt	27ú Samhain 2007	Dé Céadaoin	2ú Eanáir 2008
Dé Céadaoin	28ú Samhain 2007	Déardaoin	3ú Eanáir 2008
Déardaoin	29ú Samhain 2007	Dé hAoine	4ú Eanáir 2008
Dé hAoine	30ú Samhain 2007	Dé Luain	7ú Eanáir 2008
Dé Luain	3ú Nollaig 2007	Dé Máirt	8ú Eanáir 2008
Dé Máirt	4ú Nollaig 2007	Dé Céadaoin	9ú Eanáir 2008
Dé Céadaoin	5ú Nollaig 2007	Déardaoin	10ú Eanáir 2008
Déardaoin	6ú Nollaig 2007	Dé hAoine	11ú Eanáir 2008
Dé hAoine	7ú Nollaig 2007	Dé Luain	14ú Eanáir 2008
Dé Luain	10ú Nollaig 2007	Dé Máirt	15ú Eanáir 2008
Dé Máirt	11ú Nollaig 2007	Dé Céadaoin	16ú Eanáir 2008
Dé Céadaoin	12ú Nollaig 2007	Déardaoin	17ú Eanáir 2008
Déardaoin	13ú Nollaig 2007	Dé hAoine	18ú Eanáir 2008
Dé hAoine	14ú Nollaig 2007	Dé Luain	21ú Eanáir 2008
Dé Luain	17ú Nollaig 2007	Dé Máirt	22ú Eanáir 2008
Dé Máirt	18ú Nollaig 2007	Dé Céadaoin	23ú Eanáir 2008
Dé Céadaoin	19ú Nollaig 2007	Déardaoin	24ú Eanáir 2008
Déardaoin	20ú Nollaig 2007	Dé hAoine	25ú Eanáir 2008
Dé hAoine	21ú Nollaig 2007	Dé Luain	28ú Eanáir 2008
Dé Luain	24ú Nollaig 2007	Dé Máirt	29ú Eanáir 2008
Déardaoin	27 ú Nollaig 2007	Dé Máirt	29ú Eanáir 2008
Dé hAoine	28ú Nollaig 2007	Dé Máirt	29ú Eanáir 2008
Dé Luain	31ú Nollaig 2008	Dé Máirt	29ú Eanáir 2008
Dé Céadaoin	2ú Eanáir 2008	Dé Máirt	29ú Eanáir 2008
Déardaoin	3ú Eanáir 2008	Dé Céadaoin	30ú Eanáir 2008
Dé hAoine	4ú Eanáir 2008	Déardaoin	31ú Eanáir 2008

Is féidir an tábla thuas a úsáid chun an lá deiridh chun aighneachtaí nó tuairimí ó 'bhreathnadóirí' a fháil faoi alt 130 d'Acht 2000. Léigh colún 1 mar an dáta d'achomharc (nó achomharc deiridh) fháil agus léigh colún 2 mar an dáta deiridh d'aighneachtaí nó do thuairimí. Tabhair ar aird, áfach, go mbeidh oifigí an Bhoird dúnta ar an 27ú Nollaig 2007.